



---

*Suí iomlánach*

---

**B9-0357/2023**

20.7.2023

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir leis an 12 Meán Fómhair a dhearbhú mar lá cuimhneacháin ar chath  
Kahlenberg

**Christine Anderson, Marcel de Graaff, Markus Buchheit, Roman Haider,  
Gunnar Beck, Maximilian Krah, Susanna Ceccardi, Ivan Vilibor Sinčić**

**B9-0357/2023**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an 12 Meán Fómhair a dhearbhu mar lá cuimhneacháin ar chath Kahlenberg**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

- ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,
- A. ag meabhrú gur tharla cath Kahlenberg an 12 Meán Fómhair 1683,
- B. ag cur béim ar an bhfíoras, ar thaobh na gCríostaithe, go ndearna saighdiúirí coise agus airtléire aontaithe na Comhghuaillíochta ón Ostair, ón tSacsain, ón mBaváir, ó Baden agus ó stáit an Phápa, chomh maith le harm marcach na Polainne, aghaidh a thabhairt san áit sin ar an arm Otamánach, a raibh léigear á dhéanamh aige ar Vín,
- C. de bhrí gur tháinig deireadh leis an dara léigear Turcach i Vín ar an lá sin, le treascairt arm na nOtamánach,
- D. de bhrí gur spreag an treascairt sin deireadh bheartas forlámhach na Tuirce,
- E. ós rud é go ndearnadh luachanna Eorpacha a chosaint go rathúil ar an lá sin trí chomhar idir Ballstáit reatha,
- F. i bhfianaise chomóradh 340 bliain a bheidh ann i mbliana,
  1. á mholadh go ndéanfaí an 12 Meán Fómhair a fhógairt mar lá cuimhneacháin a d'fhéadfadh a bheith ina lá saoire speisialta in institiúidí AE agus ar a bhféadfaí cath Kahlenberg a chomóradh;
  2. á mholadh do na Ballstáit an 12 Meán Fómhair a ainmniú mar lá saoire náisiúnta.